



An Bhruiséil, 16 Aibreán 2018  
(OR. en)

7862/18

CONOP 30  
CODUN 16  
CSDP/PSDC 174

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 7778/18 CONOP 29 CODUN 14 CSDP/PSDC 167  
roimhe seo:

---

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an dí-armáil cheimiceach agus an neamhleathadh mar ullmhúchán don cheathrú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithnithe ag na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar oibríocht arm ceimiceach maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm agus úsáid arm ceimiceach agus maidir lena nDíothú, an Háig, 21-30 Samhain 2018

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an dí-armáil cheimiceach agus an neamhleathadh mar ullmhúchán don cheathrú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithnithe de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar Oibríocht Arm Ceimiceach maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, an Háig, 21-30 Samhain 2018, a ghlac an Chomhairle ag an 3613ú cruinniú a bhí aici, a tionóladh ar an 16 Aibreán 2018.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an dí-armáil cheimiceach agus an neamhleathadh mar ullmhúchán don cheathrú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithnithe de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar Oibríocht Arm Ceimiceach maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, an Háig, 21-30 Samhain 2018**

1. Tá an tAontas Eorpach ar aon fhocal go huile agus go hiomlán maidir le toirmeasc iomlán ar airm cheimiceacha agus maidir lena ndíothú ar fud an domhain. Creideann an Chomhairle go láidir gur uafásach an rud úsáid arm ceimiceach, lena n-áirítear ceimiceáin thocsaineacha á n-úsáid mar airm, ag aon dream, idir ghníomhaire stáit nó neamhstáit, in aon áit, i ndálaí ar bith, agus nach mór sin a cháineadh go géar. Níl aon ghlacadh leis go mbainfí úsáid as airm cheimiceacha; is ionann sin agus sárú ar an dlí idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh sin a bheith ina choir chogaidh nó ina choir in aghaidh na daonnachta. Caithfear pionós a ghearradh orthu siúd atá freagrach as gníomhartha den chineál sin agus iad a thabhairt os comhair cúirte. Gan aon agó, is uafásach urghrána mar scéala na tuairiscí is úire as an tSiria; ní mór iad a fhiosrú gan mhoill agus gan spleáchas. Is treiside an rún daingean atá againn na scéala sin a chlos.
2. Measann an Chomhairle gur ionstraim lárnach i ndáil le dí-armáil agus neamhleathadh é an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú (CWC), a tháinig i bhfeidhm ar an 29 Aibreán 1997, agus nach mór a shláine agus a chur i bhfeidhm dhian a ráthú go hiomlán d'fhonn a bheith rannpháirteach i gcosaint na síochána agus na slándála idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Aontas Eorpach a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí lánurraim do CWC agus don ról ríthábhachtach atá ag Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW), arna bhunú de bhun CWC, maidir lena chur chun feidhme. Is Stáit is Páirtithe in CWC iad Ballstáit uile an Aontais.

3. Measann an Chomhairle go bhfuil sé léirithe ag CWC gur ionstraim thar a bheith rathúil é, sa mhéid agus go bhfuil aontachas iomlán, nach mór, bainte amach aige agus go bhfuil formhór na Stát sin a bhfuil airm cheimiceacha ina seilbh acu tar éis a gcuid stoc-charn arm ceimiceach dearbhaithe a dhíothú; agus go bhfuil an t-aon cheann amháin atá fanta ag déanamh dul chun cinn chun na críche sin. Bíodh sin mar atá, agus cé go bhfuil an díothú ina thosaíocht fós ag OPCW, níor mhór do OPCW é féin a chur in oiriúint do na dúshláin agus do na bagairtí nua dá dtiocfaidh chun cinn, chun sláine CWC a chaomhnú agus a chosaint agus chun cosc a chur ar airm cheimiceacha a theacht ar ais.
  
4. Is mór an bhaint siar don Chomhairle go bhfuil an comhphobal idirnáisiúnta fós ag dul i ngleic le húsáid arm ceimiceach, mar a dhearbhaigh misean aimsithe fíricí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus tuarascáil 2013 de chuid na Náisiún Aontaithe de bhun Shásra an Ardrúnaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcáineann sí go géar an úsáid atá á baint ag Poblacht Arabach na Siria agus ag an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint (ISIL) as airm cheimiceacha; úsáid é sin atá dearbhaithe ag sásra imscrúdaitheach comhpháirteach de chuid Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) sna tuarascálacha a eisíodh in 2016 agus 2017 agus a cháin an Ardchomhairle in 2016 le cinneadh EC-83/DEC uaithi. Léiríonn tuarascálacha Fhoireann um Measúnú ar Dhearbhuithe nach féidir dearbhú na Siria a fhíorú go hiomlán mar dhearbhu atá cruinn agus uilíoch, i gcomhréir le CWC. Léiríonn an úsáid a bhain Poblacht Arabach na Siria as an nearghás sarin in Khan Shaykhoun, sa tSiria, ar an 4 Aibreán 2017, go bhfuil teipthe ar an tSiria díchoímeáil iomlán a dhéanamh ar a clár arm ceimiceach agus go bhfuil sí toilteanach leanúint le húsáid arm ceimiceach.

5. Tacaíonn an Chomhairle go láidir leis an tuairim gur cheart na daoine aonair, eintitis, grúpaí nó rialtais atá freagrach as gníomhartha neamhdhleathacha gránna den sórt sin a shainaithint agus a thabhairt os comhair cúirte. Is iomaí sin ráiteas tugtha ag an Ardionadaí/an Leas-Uachtarán Federica Mogherini chun na críche sin. Is oth leis an gComhairle nach ndearnadh athnuachan, i mí na Samhna 2017, ar shainordú JIM – a bunaíodh le Rún 2235 (2015) ó CSNA – iad siúd a dhéanann ionsaithe ceimiceacha a shainaithint. Chuige sin, is den tábhacht go n-athbhunófaí sásra neamhspleách chun milleán a leagan. D'fhonn a léiriú go gcreideann an tAontas Eorpach go láidir go bhfuil freagracht ar an gcomhphobal idirnáisiúnta iad siúd a dhéanann ionsaithe ceimiceacha de chineál ar bith, a shainaithint agus a thabhairt chun cúirte, bhí an tAontas i láthair ag comhdháil ag ar seoladh an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta i gcoinne na Saoirse ó Phionós i gcás Úsáid na nArm Ceimiceach, a tionóladh i bPáras ar an 23 Eanáir 2018, darb aidhm tacú agus cur leis na sásraí iltaobhacha ábhartha.
6. Ar an 22 Márta 2018, cháin Comhairle na hEorpa glan amach an t-ionsaí a rinneadh ar Sergei agus Yulia Skripalin in Salisbury, ar an 4 Márta 2018. Rinne an Chomhairle comhbhrón ó chroí leis na daoine sin ar cuireadh a mbeatha i mbaol agus thug a tacaíocht don imscrúdú atá ar siúl. D'aontaigh sí le measúnú rialtas na Ríochta Aontaithe gur rídhócha gurb í Cónaidhm na Rúise a bhí freagrach as an ionsaí agus nach bhfuil míniú inchreidte eile ann ar an scéal. Seasaimid gualainn ar gualainn leis an Ríocht Aontaithe in éadan an dúshláin mhóir seo a cuireadh faoinár slándáil chomhpháirteach. Rachaidh na Ballstáit i gcomhar le chéile maidir leis an meabhair a bheidh le baint as na freagraí a thabharfaidh údaráis na Rúise. Ós mar sin atá, ní mór don Aontas Eorpach an teacht aniar atá ann a neartú ar rioscaí a bhaineann le hábhair cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, lena n-áirítear trí chomhar níos dlúithe a bheith ann idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, agus idir é agus ECAT.

7. Creideann an Chomhairle gur chun tairbhe OPCW agus an obair atá ar bun aici an dlúthrannpháirtíocht rialta le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, le tionscal na gceimiceán, le lucht léinn agus leis an tsochaí shibhialta. Fágann sin go bhfuil an tAontas den tuairim láidir gur cheart rochtain a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil creidiúnú ECOSOC acu ar chomhdhálacha bliantúla agus ar chomhdhálacha athbhreithnithe de chuid OPCW.
  
8. Ar an 17 Samhain 2003, ghlac an Chomhairle comhsheasamh 2003/805/CBES maidir le huilíochas agus le comhaontuithe iltaobhacha a neartú i réimse neamhleathadh arm ollscriosta gona modh seachadta. Faoin gcomhsheasamh sin, áirítear CWC ar cheann de na comhaontuithe iltaobhacha.
  
9. Ar an 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta, lena n-athdhearbhaítear tiomantas an Aontais do chóras an chonartha iltaobhaigh, agus cuireann sí i dtreis, *inter alia*, an ról rithábachtach atá ag CWC agus ag OPCW maidir le domhan a chruthú a bheidh saor ó airm cheimiceacha.
  
10. Ar an 28 Aibreán 2004, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'aontoil Rún 1540 (2004), agus d'athdhearbhaigh sí gur bagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta leathadh arm ollscriosta gona modh seachadta. Ina dhiaidh sin, ghlac an Chomhairle Slándála Rún 1673 (2006), Rún 1810 (2008) agus Rún 1977 (2011), lenar athdhearbhaíodh cuspóirí Rún 1540 (2004) agus lenar léiríodh go bhfuil an Chomhairle Slándála meáite ar dhlús a chur lena cuid iarrachtaí an rún sin a chur chun feidhme ina iomláine. Déanfaidh cur chun feidhme CWC, Rún 1540 (2004) gona rúin ghaolmhara treisiú ar a chéile.

11. Is díol mór sásaimh don Chomhairle an próiseas athbhreithnithe cuimsitheach a bhí ann in 2016 maidir le Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar le Rún 2325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2016) a athdheimhníodh a lárnaí, a thábhachtaí agus a údaraí a bhí an próiseas sin, agus athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá do gach Ballstát a bheith san airdeall i gcónaí d'fhonn gníomhaithe neamhstáit a chosc agus a dhíspreagadh chun nach bhfaighidh siad airm ollscriosta, córas seachadta ná ábhair ghaolmhara. Leis an gcinneadh is déanaí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a glacadh ar an 11 Bealtaine 2017, cuirtear tuilleadh cúnamh ar fáil do na stáit leasmhara chun go gcuirfead lena gcumas náisiúnta maidir le UNSCR 1540 (2004) a chur chun feidhme agus chun comhar níos dlúithe a éascú i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile.
  
12. Ar an 19 Samhain 2012, ghlac Comhairle an Aontais Eorpach Cinneadh 2012/712/CBES ón gComhairle i ndáil le Comhdháil Athbhreithnithe 2013 i dtaca leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDiothú (CWC).
  
13. Ar an 8 Meán Fómhair 2006, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta inar shocraigh ballstáit na Náisiún Aontaithe uile, *inter alia*, gach rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus comhoibriú go hiomlán leis na fochuideachtaí frithsceimhlitheoireachta chun a gcúraimí a thabhairt i gcrích. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an straitéis sin, a thug spreagadh do OPCW freisin leanúint dá iarrachtaí, faoina shainordú, cuidiú leis na stáit cur lena gcumas sceimhlitheoirí a chosc ionas nach mbeidh teacht acu ar ábhair cheimiceacha, an tslándáil a áirithiú ag na saoráidí gaolmhara, agus freagairt go héifeachtach i gcás ionsaí ina mbainfí úsáid as ábhair den sórt sin. I ndáil leis an méid sin, is cúis áthais don Chomhairle an cinneadh "*Addressing the Threat Posed by the Use of Chemical Weapons by Non-State Actors*" [Dul i ngleic leis an mbagairt a ghineann úsáid na n-arm ceimiceach ag gníomhaithe neamhstáit] a rinneadh ag an gComhairle Feidhmiúcháin ar an 13 Deireadh Fómhair 2017.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle glacadh Rún (A/RES/72/43) maidir le cur chun feidhme CWC ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar an 4 Nollaig 2017.
15. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ardleibhéil agus cosaint éifeachtach ar leasanna an Aontais maidir le saincheisteanna ceimiceacha i bhfórait idirnáisiúnta agus go háirithe laistigh de OPCW. Chun na críche sin, meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh gníomhaithe ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear SEGS, den rannpháirtíocht ghníomhach agus den ionadaíocht a dhéanann siad in OPCW.

**Seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an gceathrú seisiún speisialta den chomhdháil de na stáit is páirtithe san athbhreithniú ar oibríocht CWC, an Háig, 21-30 Samhain 2018**

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an ceathrú seisiún speisialta den chomhdháil de na stáit is páirtithe san athbhreithniú ar oibríocht an Choinbhinsiúin um Airm Cheimiceacha (dá ngairfear "an ceathrú comhdháil athbhreithnithe" anseo feasta) a bheidh ar siúl sa Háig ar an 21-30 Samhain 2018, ar deis é chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme CWC agus chun cuidiú le tosaíochtaí OPCW sna blianta atá le teacht a shainiú.
17. Measann an Chomhairle gur cheart go mbeadh sé d'aidhm leis an gcomhdháil athbhreithnithe ábharthacht CWC a áirithiú agus éifeachtacht agus acmhainn CWC a mhéadú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

18. Oibreoidh an Chomhairle go cuiditheach le linn 2018 ionas go mbeidh comhdhearcadh ann mar thoradh ar an gceathrú comhdháil athbhreithnithe, agus na cuspóirí lárnacha seo a leanas á saothrú aici, ar cuspóirí iad a léireofar i ndoiciméad toraidh na comhdhála athbhreithnithe, faoi chuimsiú réamhdhearcadh ginearálta ina gcuirfear béim láidir ar an norm neamh-úsáide, ar iontaofacht agus cuntasacht CWC/OPCW:
- a) CWC a neartú trí chur leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ó thaobh stoc-chairn arm ceimiceach a dhíothú agus ó thaobh cosc a chur ar na hairm sin a theacht chun cinn arís, trí fheabhas a chur *inter alia* ar chóras fíorúcháin CWC, trí chur chun feidhme náisiúnta a fheabhsú agus iarrachtaí a dhéanamh chun go mbainfear uilíocht amach, freisin, agus trí aird leordhóthanach a thabhairt ar shaincheist shlándáil agus shábháilteacht na gceimiceán;
  - b) cur le CWC trí bhealaí agus modhanna a mheas chun dul i ngleic le húsáid na n-arm ceimiceach ar sárú ar an gCoinbhinsiún í;
  - c) CWC a neartú trí chur chun feidhme éifeachtach CWC a áirithiú i bhfianaise timpeallacht athraitheach slándála agus i bhfianaise na bhforbairtí i dtionscal domhanda na gceimiceán agus san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, agus trína chur i dtreis gur cheart go gcuirfeadh an ceathrú comhdháil athbhreithnithe tacaíocht pholaitiúil agus treoir fhairsing ar fáil i leith na hoibre maidir le tosaíochtaí OPCW amach anseo, ar obair í atá le déanamh le linn na tréimhse idirsheisiúnaí;
  - d) rannchuidiú le hathbhreithniú iomlán ar CWC ina gcuirtear san áireamh go háirithe forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta, lena n-áitítear cóineasú na ceimice agus na bitheolaíochta, teicneolaíochtaí nua táirgthe agus ionstraimíocht nua fíorúcháin, mar aon le bonn láidir a chur faoi CWC chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh roimhe amach anseo;
  - e) na saincheisteanna ríthábhachtacha seo a leanas, *inter alia*, a chur chun cinn:



- (i) cineál cuimsitheach an toirmisc ar airm cheimiceacha, a leagtar síos sa chritéar ilchuspóireach, a athdhearbhú tríd an méid a leanas a dhéanamh:
- i. a athdhearbhú go bhfuil feidhm ag toirmisc CWC maidir le haon dramhaíl thocsaineach, ach amháin i gcás ceimiceán chun aon chríche nach dtoirmisctear le mír 9 d'Airteagal II agus ar choinníoll go bhfuil na cineálacha agus na cainníochtaí i gcomhréir le cuspóir den sórt sin, agus ar an gcaoi sin cuirfear san áireamh forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht ó bhí an tríú comhdháil athbhreithnithe ann in 2013,
  - ii. an oibleagáid a chur i dtreis atá ar stáit is páirtithe an critéar ilchuspóireach a léiriú ina reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme agus ina gcleachtas forfheidhmiúcháin riaracháin.
- (ii) béim a leagan ar an ngá go ndéanfaidh na stáit is páirtithe gach oibleagáide dearbhúcháin faoi Airteagal III a chur chun feidhme, go háirithe aon oibleagáid a bhaineann le hairm cheimiceacha, agus lena n-áirítear freisin aon oibleagáid a bhaineann le hoibreáin smachtaithe círéibe;
- (iii) cur chuige spriocdhírthe saincheaptha a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa Rúnaíocht Theicniúil CWC ("An Rúnaíocht Theicniúil") maidir le huilíocht CWC a bhaint amach, i ndlúthchomhar leis na stáit is páirtithe;

- (iv) a athdhearbhú go bhfuil an oibleagáid ar stát a bhfuil airm cheimiceacha ina seilbh aige a chuid arm ceimiceach a dhíothú agus aitheantas a thabhairt ar a mbaineadh amach go dtí seo i dtaobh airm cheimiceacha a scriosadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- iii. a léiriú gur díol sásaimh na hiarrachtaí agus an dul chun cinn a rinne na stáit a bhfuil airm cheimiceacha ina seilbh acu chun na stoc-chairn dhearbhairthe a dhíothú agus a chur i bhfáth go bhfuil an obair faoi lán seoil againn ionas go mbeidh domhan gan airm cheimiceacha ann;
- iv. a aithint go bhfuarthas réiteach ar an tsaincheist maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta deiridh faoina mbeidh ar na stáit a bhfuil airm cheimiceacha ina seilbh acu na hairm sin a dhíothú;
- v. iarraidh ar na stáit a bhfuil airm cheimiceacha ina seilbh acu a stoc-chairn arm ceimiceach a dhíothú go hiomlán i gcomhréir le CWC agus leis an Iarscríbhinn fíorúcháin a ghabhann leis, agus i gcomhréir, freisin, leis an gcinneadh maidir le síneadh ama a chur leis an spriocdháta deiridh chun na stoc-chairn atá fós ann a dhíothú, ar cinneadh é a rinneadh ag an séú seisiún déag den chomhdháil de na stáit is páirtithe;
- vi. a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh an rúnaíocht theicniúil fíorú córasach maidir le díothú dá bhforordaítear le CWC agus leis an Iarscríbhinn fíorúcháin a ghabhann leis;

- vii. a chur i dtreis gur cheart an saineolas agus an cumas déileáil le hairm cheimiceacha, le seanairm cheimiceacha agus le hairm cheimiceacha a tréigeadh a choinneáil, agus nach mór do OPCW leanúint leis an obair chun an saineolas is gá a fhorbairt le bheith in ann déileáil le dúshláin an lae inniu sa timpeallacht nua slándála;
- (v) an córas fíorúcháin a neartú maidir le gníomhaíochtaí nach bhfuil cosc orthu faoi CWC, d'fhonn an cosc ar theacht ar ais na n-arm ceimiceach a threisiú tríd an méid seo a leanas:
- viii. béim a leagan ar an oibleagáid atá ar na Stáit is Páirtithe dearbhaithe iontaofa tráthúla a thíolacadh faoi Airteagal VI agus iad a spreagadh chun an córas SIX a úsáid;
- ix. méid leordhóthanach iniúchtaí a dhéanamh faoi Airteagal VI ar iomchuí a gclúdach geografach agus a minicíocht, i gcomhréir leis na treoirlínte comhaontaithe;
- x. ábharthacht na n-iniúchtaí faoi Airteagal VI a mhéadú maidir le haidhm agus le cuspóir CWC agus roghnú éifeachtach suímh a áirithiú, lena n-áirítear trí mheastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na modheolaíochta eile maidir le roghnú suímh Saoráidí um Tháirgeadh Ceimiceán Eile agus trí chur chuige rioscabhunaithe;
- xi. feabhas a chur ar an mbunús faisnéise le haghaidh fíorú tionscail, trí, *inter alia*, an rúnaíocht theicniúil a spreagadh le húsáid a bhaint as faisnéis atá ann cheana, lena n-áirítear faisnéis a chuir na Stáit is Páirtithe isteach go deonach agus faisnéis ó thuarascálacha cigearachta a tugadh roimhe seo mar aon le faisnéis ábhartha atá ar fáil go poiblí;
- xii. a chur i dtreis gur dearadh sceidil ceimiceán CWC (na 'sceidil') go príomha chun bearta éagsúla fíoraithe a chur i bhfeidhm;
- xiii. ábharthacht na sceideal a choinneáil i bhfianaise forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht trí, *inter alia*, meastóireacht a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na sceidil ag tréimhsí rialta idir na comhdhálacha athbhreithnithe;

- xiv. tuilleadh rannpháirtíochta agus idirghníomhaíochta leis an tionscal ceimiceáin a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí na rúnaíochta teicniúla ina leith sin;
- xv. breathnú ar bhearta cáilíochta agus éifeachtúlachta breise don phróiseas iniúchta, amhail méaduithe iomchuí i solúbthacht na n-iniúchtaí agus i gcuíchóiriú iompar na n-iniúchtaí;
- xvi. machnamh a dhéanamh ar an ngá le háiritiú go bhfuil ar chumas OPCW a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach trí na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a chur ar fáil dó, lena n-áirítear saineolas fíorúcháin leordhóthanach a choinneáil.
- (vi) feabhas leanúnach ar bhearta náisiúnta cur chun feidhme, ag meabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach, ionas go mbeidh córas CWC éifeachtach san am i láthair agus san am atá le teacht, go gcuirfidh na Stáit is Páirtithe siúd nár ghlac an reachtaíocht intíre go fóill, ar reachtaíocht í sin lena gclúdaítear iomlán na mbeart, idir bhearta tosaigh agus bhearta breise, a n-oibleagáidí faoi Airteagal VII chun feidhme agus go ndéanfaidh siad Airteagal VII a chomhlíonadh freisin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:
- xvii. cur chuige spriocdhírthe agus saincheaptha a ghlacadh chun na Stáit is Páirtithe a spreagadh agus chun cabhrú leo freisin, ar stáit iad nár ghlac reachtaíocht chuimsitheach náisiúnta cur chun feidhme fós;
- xviii. cabhair a thairiscint do na Stáit is Páirtithe a bhfuil sí de dhíth orthu, mar a léiríodh le Gníomhaíochta agus Cinntí Comhpháirteacha a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW agus go háirithe chun tacú le Clár na hAfraice;
- xix. leas a bhaint as na seirbhísí fothaithe acmhainní atá á gcur ar fáil ag an rúnaíocht theicniúil (arna tacú ag an Aontas Eorpach freisin) agus tionscnaimh eile (e.g. an Clár Meantóireachta) lena ndírítear go háirithe ar Chlár na hAfraice;
- xx. na rialuithe náisiúnta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin a neartú a bhfuil gá leo chun cosc a chur ar shealbhú arm ceimiceach, agus feabhas a chur ar chumas OPCW tacú le sásraí náisiúnta a bhunú chun aistrithe idirnáisiúnta a rialú;

- xxi. na bearta iomchuí a chur chun feidhme d'fhonn sábháilteacht agus slándáil na gceimiceán a fheabhsú, sábháilteacht daoine a áirithiú agus an timpeallacht a chaomhnú;
- xxii. sineirgí a fhorbairt idir OPCW agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile chun tacú le cur chun feidhme agus le fothú acmhainní. Ba cheart do OPCW leanúint den obair chun an tionscal agus geallsealbhóirí eile a spreagadh chun spriocanna an Choinbhinsiúin a chur chun cinn, e.g. tríd an bpróiseas fíorúcháin a fheabhsú. Ba cheart do OPCW tacú le cur chun cinn na ndea-chleachtas maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil i saoráidí ceimiceán a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an ról atá ag an mbord comhairleach eolaíoch;
- xxiii. athbhreithniú a dhéanamh ar shásraí an Choinbhinsiúin darb aidhm cosc a chur ar airm cheimiceacha a theacht ar ais, ag cur san áireamh dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil atá déanta i réimsí na ceimice agus na bitheolaíochta, lena n-áirítear na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh chóineasú na ceimice agus na bitheolaíochta.
- (vii) cur chun feidhme fhorálacha CWC maidir le comhairliúchán, comhar agus aimsiú faisnéise, go háirithe an sásra maidir le hiniúchadh trí agóid, atá fós ina uirlis inmharthana agus inúsáidte de chuid córas fíorúcháin OPCW, agus béim á leagan ar cheart dlítheil na Stát is Páirtithe iniúchadh trí agóid a iarraidh gan réamhchomhairliúcháin, agus úsáid an tsásra a spreagadh nuair is iomchuí chun ceisteanna maidir le neamhchomhlíonadh CWC a d'fhéadfadh a bheith ann a shoiléiriú agus a réiteach; i ndáil leis an méid sin, béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an rúnaíocht theicniúil na cumais, an saineolas agus an ullmhacht theicniúil chun iniúchtaí trí agóid a dhéanamh a choinneáil agus a fhorbairt a thuilleadh, mar aon le hoibleagáid na Stát is Páirtithe a bheith réidh agus in ann iniúchtaí ar agóid a fháil ar bhonn leanúnach;

(viii) leanúint den tacaíocht láidir do ghníomhaíochtaí OPCW maidir le cabhair agus cosaint, go háirithe maidir le cumais agus saineolas OPCW a choinneáil agus cur le cumas na rúnaíochta teicniúla agus na Stát is Páirtithe mí-úsáid ceimiceán tocsaineach a chosc, a fhreagairt agus a mhaolú, agus ionsaithe a bhaineann le ceimiceáin thocsaineacha a chosc, a fhreagairt agus a mhaolú freisin, go háirithe tríd an méid a leanas a dhéanamh:

xxiv. béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfar an rúnaíocht theicniúil plean straitéiseach a fhorbairt chun Airt. X (Cabhair agus Cosaint) de chuid CWC a chur chun feidhme agus go ndéanfadh na Stáit is Páirtithe sin a chomhaontú, mar aon le meastóireacht rialta á déanamh ar a chur chun feidhme agus úsáid éifeachtach acmhainní chun luach ar airgead a áirithiú;

xxv. na Stáit is Páirtithe a spreagadh chun faisnéis iontaofa thráthúil a thíolacadh faoi chláir náisiúnta chosanta faoi Airt. X mar a cheanglaítear le CWC

xxvi. na Stáit is Páirtithe a spreagadh chun a gcuid tairiscintí cúnamh a mhéadú;

xxvii. béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an rúnaíocht theicniúil cumais agus saineolas atá cothrom le dáta a choinneáil agus a fheabhsú, chomh maith leis an ullmhacht is gá a choinneáil agus a fheabhsú a thuilleadh chun iniúchtaí a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe, chun feidhmiú i dtimpeallachtaí contúirteacha, chun tacaíocht a thabhairt do na Stáit is Páirtithe mar fhreagairt iomchuí cúnamh agus cosanta, agus chun tacaíocht iomchuí a thabhairt do na Stáit is Páirtithe a bhfuil riosca níos mó ann go ndéanfaí ionsaí ceimiceach orthu;

xxviii. béim a leagan ar a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach ó OPCW do chláir chosanta náisiúnta, réigiúnacha agus fhoréigiúnacha, agus a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chumas OPCW na tairiscintí saineolais agus cúnamh a spreagadh agus idirghabháil a dhéanamh orthu;

xxix. béim a leagan ar a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach ó OPCW d'oiliúint ceannais agus comhordaithe a bheadh éifeachtach i ndáil leis na chéad fhreagróirí náisiúnta, chun a áirithiú go ndéileálfar go cuí agus go pras le haon chás ina n-úsáidtear airm cheimiceacha nó le haon chás ina bhféadfadh sé gur úsáideadh airm cheimiceacha;

- xxx. comhar méadaithe a spreagadh le heagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh in iarrachtaí idirnáisiúnta le hionaid barr feabhais um chúnamh agus cosaint a bhunú;
- xxxi. deimhin a dhéanamh de go bhfuil comhordú éifeachtach ann, laistigh den rúnaíocht theicniúil agus leis na geallsealbhóirí seachtracha, maidir le hobair atá á déanamh faoi Airteagal VII agus Airteagal XI chun an éifeacht is mó a bhaint amach agus chun an úsáid acmhainní is fearr a áirithiú;
- xxxii. an clár malartaithe agus forbartha teagascóirí, a cuireadh i bhfeidhm ó bhí an tríú comhdháil athbhreithnithe ann, a fheabhsú a thuilleadh, agus malartú breise saineolais a spreagadh chun feasacht réigiúnach a mhúscailt, lena gcothófar anailís ar rioscaí agus ar bhagairtí na gceimiceán;
- xxxiii. iarraidh ar an rúnaíocht theicniúil feabhas a chur ar an gcomhar a dhéanann sí le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile maidir le práinnfhreagairt d'úsáid arm ceimiceach nó don bhagairt go n-úsáidfí airm cheimiceacha, lena n-áirítear maidir le comhar leis na Náisiúin Aontaithe i dtaca le hiniúchadh a dhéanamh ar úsáid fhéideartha arm ceimiceach;
- xxxiv. obair a dhéanamh chun an ról atá ag tionscal na gceimiceán, an lucht léinn agus an tsochaí shibhialta a neartú chomh maith leis an idirghníomhaíocht a neartú eatarthu, i dtaobh úsáidí síochánta na ceimice agus chun feasacht an phobail a ardú trí oideachas agus obair for-rochtana. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ról agus ar an méid a chuidíonn an Bord Comhairleach um Oideachas agus Obair For-rochtana agus ba cheart feabhas a chur ar an mbéim a leagann sé ar ghníomhaíocht phraiticiúil toradh-dhírthe;
- xxxv. bealaí a mholadh chun OPCW a choinneáil mar lárionad eolais maidir le saincheisteanna a bhaineann le hairm cheimiceacha sa chiall is leithne;
- xxxvi. breathnú ar bhealaí lena gcuirfí le cumas OPCW déileáil le staideanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta ina bhfuil airm cheimiceacha ann, agus chun na críche sin, leas a bhaint as an méid a foghlaimíodh nuair a cuireadh deireadh le clár arm ceimiceach dearbhaithe na Siria, nuair a aistríodh agus nuair a díothaíodh fuílleach airm cheimiceacha réamhtheachtacha na Libia, agus nuair a tugadh i gcrích an próiseas díothaithe le aghaidh fhuílleach na n-arm ceimiceach san Iaráic;

xxxvii. an Misean Cúnaimh Mearfhreagartha (RRAM) a fhorbairt tuilleadh.

(ix) comhar idirnáisiúnta a chothú i gcomhréir leis an CWC tríd an méid a leanas:

xxxviii. úsáid a bhaint as moltaí nithiúla, praiticiúla ina gcuirtear san áireamh tionscnaimh atá ann cheana, mar a fheictear sna Gníomhaíochtaí agus Cinntí Comhphárteacha arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, go háirithe moltaí maidir le saincheisteanna amhail sábháilteacht cheimiceach agus slándáil agus bainistiú ceimiceán, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le hAirteagal XI a glacadh ag an Séú Seisiún Déag de den Chomhdháil de na Stáit is Páirtithe;

xxxix. an rúnaíocht theicniúil a spreagadh chun cuidiú leis na Stáit isPáirtithe a gcuid oibleagáidí náisiúnta a chur chun feidhme trí chúnamh teicniúil saincheaptha agus inbhuanaithe, d'fhonn comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a éascú i réimse na ceimice;

xl. spreagadh a thabhairt don rúnaíocht theicniúil comhoibriú le heagraíochtaí eile sa réimse seo, chun dúbláil neamhriachtanach a sheachaint agus spreagadh a thabhairt don rúnaíocht theicniúil a cuid clár a mheasúnú i gcomhréir le dea-chleachtas RBM chun a áirithiú go bhfuil siad éifeachtach, inbhuanaithe agus dírithe ar thorthaí;

xli. OPCW a spreagadh chun fóram a chur ar fáil i gcomhair comhairliúcháin agus comhair i measc na Stát is Páirtithe.

(x) rannchuidiú OPCW le hiarrachtaí domhanda frithsceimhlitheoireachta a fheabhsú tríd an méid seo a leanas:

xlii. leanúint leis an obair atá idir lámha sa Mheitheal Oscailte um Sceimhlitheoireacht de chuid OPCW agus san Fhomheitheal ar ról gníomhaithe neamhstáit agus an obair sin a threisiú;



- xliii. i dtimpeallacht ina bhfuil dúshláin mhéadaithe slándála, lena n-áirítear go háirithe an bhagairt go n-úsáidfeadh gníomhaithe neamhstáit, sceimhlitheoirí san áireamh, airm cheimiceacha, fiosrú a dhéanamh ar bhealaí chun freagairt níos fearr a thabhairt ar na saincheisteanna slándála sin agus saincheisteanna eile, amhail rochtain ag gníomhaithe neamhstáit ar cheimiceáin arb ábhair inní iad agus na modhanna chun ceimiceáin den chineál sin a bhfuil tionchar acu ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin a tháirgeadh agus a aistriú;
- xliv. machnamh a dhéanamh ar chumas OPCW mearfhreagairt a thabhairt ar éigeandálaí agus an fhoireann is gá a imscaradh. Ba cheart ceachtanna a foghlaimíodh ó oibríocht na Siria a úsáid mar threoirlínte i dtaca leis sin, go háirithe maidir le feidhmiú an Mhisin Aimsithe Fíoras agus na Foirne um Measúnú ar Dhearbhuithé (DAT). Ba cheart taithí a fuarthas ón oibríocht sa Libia a chur san áireamh freisin;
- xlv. béim a leagan ar chomhlíonadh oibleagáidí faoi Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar aon le rúin ábhartha eile ó na Náisiúin Aontaithe, go háirithe ina n-iarrtar comhar praiticiúil idir OPCW agus eagraíochtaí ábhartha a bhfuil mar aidhm acu deireadh a chur leis an riosca go bhfaighfear nó go n-úsáidfear airm cheimiceacha chun críocha sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear rochtain fhéideartha ag sceimhlitheoirí ar ábhair, trealamh agus eolas a d'fhéadfaí a úsáid chun airm cheimiceacha a fhorbairt agus a tháirgeadh;
- xlvi. an cinneadh "*Addressing the Threat Posed by the Use of Chemical Weapons by Non-State Actors*" [Dul i ngleic leis an mbagairt a ghineann úsáid na n-arm ceimiceach ag gníomhaithe neamhstáit] a rinneadh ag an gComhairle Feidhmiúcháin ar an 13 Deireadh Fómhair 2017 a chur i bhfeidhm agus a úsáid ar an tslí is fearr;
- xlvii. an gá maidir le hoibriú i dtreo sábháilteacht agus slándáil cheimiceán ar bhonn domhanda agus rialú náisiúnta aistrithe idirnáisiúnta a chur i dtreis, lena n-áirítear cabhrú leis na Stáit is Páirtithe le cur chun feidhme bearta praiticiúla spriocdhírthe, a d'fhéadfadh ag an am céanna cur le húsáid shíochánta ceimice a fheabhsú mar aon le cúnaimh agus cosaint.

(xi) OPCW a chaomhnú mar lárionad eolais maidir le saincheisteanna arm ceimiceach sa chiall is leithne agus feabhas a chur ar stóinseacht OPCW trí rannchuidiú leanúnach ar chumas proifisiúnta, oibiachtúil agus cothrom le dáta na rúnaíochta teicniúla a chaomhnú, trí bhearta earcaíochta agus ardaithe céime comhsheasmhacha atá bunaithe ar fhiúntas agus cothromaíocht leordhóthanach gheografach agus inscne á háirithiú, agus trí bheartas tionachta a fheabhsú.

19. Tacaíonn an Chomhairle leis na gníomhaíochtaí a leanas a dhéanfaidh an tAontas Eorpach i ndáil leis na críocha réamhluaite:

(a) I gcás inarb iomchuí, bearta:

1. D'fhonn aontachas uilíoch ar CWC a chur chun cinn;
2. Cur chun feidhme éifeachtach náisiúnta CWC ag Stáit is Páirtithe de réir Airt. VIII a chur chun cinn;
3. Páirtithe Stát a spreagadh chun tacú le hathbhreithniú éifeachtach, iomlán ar oibríocht CWC agus chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin agus ar an tslí sin a dtiomantas don norm idirnáisiúnta bunúsach i gcoinne airm cheimiceacha a athdhearbhú;
4. Bearta ón Aontas a bhfuil comhaontú ann ina leith a chur chun cinn leis an aidhm CWC a neartú;
5. Infheictheacht ghníomhaíochta de chuid an Aontais chun tacú le CWC.

(b) ráitis agus páipéir oibre roimh agus le linn an cheathrú comhdháil athbhreithnithe a dhéanfaidh na Stáit is Páirtithe a mheas;

(c) tacaíocht maidir le rannpháirtíocht san obair ullmhúcháin agus maidir le hionadaithe ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, tionscal na gceimiceán, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ENRanna, a bheith i láthair ag an gceathrú comhdháil athbhreithnithe.

## **Gníomhaíochtaí de chuid an Aontais chun tacú le CWC agus OPCW**

20. Ar an 22 Samhain 2004, ghlac an Chomhairle an chéad Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí i gcreat chur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne leathadh na n-arm ollscriosta. Ag leanúint ar an nGníomhaíocht Chomhpháirteach sin, bhí Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 12 Nollaig 2005, Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 19 Márta 2007, Cinneadh 2009/569/CFSP ón gComhairle a glacadh ar an 27 Iúil 2009, Cinneadh 2011/166/CBES ón gComhairle, a glacadh ar an 23 Márta 2012, Cinneadh 2015/259/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 17 Feabhra 2015, Cinneadh 2015/2215/CBES a glacadh ar an 30 Samhain 2015 chun tacú le Rún 2235 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, Cinneadh 2017/1252/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 11 Iúil 2017 chun tacú le sábháilteacht agus slándáil cheimiceach a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta, Cinneadh 2017/2303/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 12 Nollaig 2017 chun tacú le cur chun feidhme leanúnach Rún 2118(2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, cinneadh EC-M-33/DEC.1 ó Chomhairle Feidhmiúcháin OPCW maidir le díothú airm cheimiceacha na Siria agus Cinneadh 2017/2302/CBES ón gComhairle a glacadh ar an 21 Nollaig 2017 chun tacú le gníomhaíochtaí chun cabhrú le hoibríochtaí glantacháin ag an láithreán stórála arm ceimiceach sa Libia arna gcomhlánú le tacaíocht dhéthaobhach ó Bhallstáit an Aontais. Le dhá ghníomhaíocht in 2013, rannchuidigh an Coimisiún Eorpach le hoibríochtaí OPCW chun deireadh a chur le clár arm ceimiceach na Siria agus rannchuidigh roinnt Ballstáit de chuid an Aontais chun tacú le misin OPCW a bhaineann leis an tSiria.